**An Roinn Fiontar,**
**Turasóireachta agus Fostaíochta**
Department of Enterprise,
Tourism and Employment

**Post:** **Oifigeach Seirbhísí**
**Fostóir:** **An Roinn Fiontar, Turasóireachta & Fostaíochta**

Cuirtear fáilte roimh iarratais don phost mar Oifigeach Seirbhísí sa Roinn Fiontar, Turasóireachta & Fostaíochta. Iarrtar ar iarrthóirí a shonrú ina bhfoirm iarratais na háiteanna a mbeadh siad ar fáil le haghaidh sannadh chucu (Baile Átha Cliath agus/nó Ceatharlach), má thagann post chun cinn in aon cheann de na háiteanna seo le linn shaolré an phainéil.

## An Post agus na Riachtanais

**Riachtanais ghinearálta agus cáilíochtaí**

- An cumas cumarsáid éifeachtach a dhéanamh i mBéarla, idir labhartha agus scríofa.
- Taithí ar dhéileáil leis an bpobal.
- An cumas oibriú go héifeachtach mar chuid d'fhoireann.
- Eolas ar fheidhmchláir agus ar threalamh TF.
- Freagracht maidir le heachtraí a thuairisciú (Cuirfear oiliúint ar fáil más gá).
- Caighdeán corpacmhainne lena ligfí comhfhreagras a bhailiú agus a sheachadadh go hinmheánach agus go seachtrach agus oibriú, cothabháil agus gluaiseacht innealra agus trealaimh oifige.

**Dualgais Ghinearálta**

- Tosach an tí/Dualgais fáiltithe – bualadh le cuairteoirí agus conraitheoirí agus fáilte a chur rompu; cloí leis an bpolasaí um rochtain fhisiciúil & é a fhorfheidhmiú agus dul i dteagmháil go gairmiúil agus go cúirtéiseach le gach duine.
- Post inmheánach agus seachtrach a bhailiú, a sheachadadh agus a shórtáil agus a bheith ar an eolas agus aon phrótacail slándála agus rúndachta a chur i bhfeidhm ina leith seo.
- Litreacha agus beartáin a sheachadadh laistigh d'fhoirgneamh na hoifige, d'fhoirgnimh eile de chuid na Roinne, do Ranna lasmuigh agus d'aon seoladh eile a shonrófar.
- Dualgais frainceála, de réir mar is iomchuí.
- Idirchaidreamh a dhéanamh le páirtithe seachtracha maidir le slándáil agus cothabháil an fhoirgnimh An Post; An Garda Síochána; Oifig na nOibreacha Poiblí, Údarás Áitiúil iomchuí etc.
- Idirchaidreamh a dhéanamh le cuideachtaí cúiréireachta agus socrú a dhéanamh maidir le post inmheánach a iompar idir an Roinn agus a hOifigí de réir théarmaí an chonartha.
- Monatóireacht & cothabháil a dhéanamh ar iontráil chuig an gcarrchlós agus socruithe maidir le páirceáil feithiclí.
- Dualgais slándála, e.g., foirgneamh agus fuinneoga a dhúnadh/a oscailt, slándáil ag deasc Fáiltithe, agus bagairt sheachtrach a bhreithniú i.e., agóidí de réir mar is cuí.
- Príomhdhualgais shealbhaíochta, de réir mar is cuí.
- An cumas cabhrú le bainistiú agus stóráil comhad agus doiciméad agus bainistiú a dhéanamh ar an gcumas comhaid agus doiciméid a stóráil (d'fhéadfadh sé go meallfadh comhlíonadh iomlán an dualgais seo dámhachtain an liúntais do Choimeádaí Páipéir).

- Cumas stáiseanóireacht agus stoic éagsúla a chothabháil, a sholáthar agus a thógáil ar stoc, lena n - áirítear páipéar fótachóipeála don Oifig (féadfaidh comhlíonadh iomlán an dualgais seo dámhachtain an liúntais do Choimeádaí Páipéir a mhealladh).
- Cumas meaisín iar - fhrainceála a oibriú (d'fhéadfadh sé go meallfadh comhlíonadh iomlán an dualgais seo dámhachtain an liúntais Fhrancála).
- Cuidiú le monatóireacht Sláinte agus Sábháilteachta áirithe m.sh., druileanna dóiteáin, tástálacha aláraim etc.
- Caith an éide a chuirtear ar fáil agus coinnigh cuma ghlan shlachtmhar ort féin i gcónaí.
- Dualgais eile a chomhlíonadh de réir mar a ordóidh an Príomhoifigeach Seirbhísí nó an Leas-Oifigeach nó an tAonad Tacaíochta Gnó de réir mar is cuí.

Tuairisceoidh an tOifigeach Seirbhísí don Phríomhoifigeach Seirbhísí nó don Leas-Oifigeach agus comhlíonfaidh sé/sí na dualgais agus na freagrachtaí a shannfaidh an Príomhoifigeach Seirbhísí nó an Leas-Oifigeach dó/di.

**Neamh-Aisíoc Costas**
Ní bheidh an Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta freagrach as aisíoc a dhéanamh ar aon chostais a thabhaíonn iarrthóirí le linn an phróisis roghnúcháin ar fad don chomórtas seo.

**<u>Incháilitheacht chun dul san iomaíocht agus srianta áirithe</u>**

Chun cáiliú ní mór d'iarrthóirí ceann de na critéir saoránachta atá liostaithe thíos a chomhlíonadh faoi dháta aon tairisceana poist. **Ní dhéanfaidh iarrthóirí nach gcomhlíonann na critéir incháilitheachta maidir le Riachtanais Saoránachta dul chun cinn sa chomórtas.**

<u>Riachtanais Saoránachta</u>
Ní mór d'Iarrthóirí Incháilithe:

(a) A bheith ina s(h)aoránach den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE). Tá an LEE comhdhéanta de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua; nó
(b) A bheith ina s(h)aoránach den Ríocht Aontaithe (RA); nó
(c) A bheith ina s(h)aoránach den Eilvéis de bhun an chomhaontaithe idir an AE agus an Eilvéis maidir le saorghluaiseacht daoine; nó
(d) A bheith ina s(h)aoránach nach saoránach LEE é/í a bhfuil víosa stampa 4[1] nó víosa stampa 5 aige/aici;

**Chun cáiliú ní mór d'iarrthóirí a bheith incháilithe faoi dháta aon thairsicint oibre.**

Mar **Rogha Fostóra,** tá roinnt beartas solúbtha agus beartas a thacaíonn le teaghlaigh ag an Státseirbhís lena n-áirítear Postroinnt, Bliain Oibre Níos Giorra, Cianobair (a oibrítear ar bhonn 'cumaisc') etc. Is féidir cur isteach ar gach beartas roghnach de réir na bhforálacha reachtúla ábhartha agus is faoi réir riachtanais ghnó na heagraíochta atá siad.

---

[1] *Tabhair faoi deara le do thoil go bhfuil víosa 50 TEU, atá in ionad Stampa 4EUFAM tar éis an Bhreatimeacht, inghlactha mar choibhéis Stampa 4.*

Feidhmíonn an Státseirbhís scéim Soghluaisteachta freisin do gach grád seirbhíse ginearálta. Cuireann an scéim sin deiseanna gairme ar fáil do bhaill foirne chun foghlaim agus chun páirt a ghlacadh i róil éagsúla ar fud raon eagraíochtaí Státseirbhíse agus suíomhanna geografacha.

Sláinte & Carachtar

Ní mór sláinte mhaith a bheith ag iarrthóirí, ní mór dóibh a bheith in ann agus a bheith inniúil an obair a thugtar dóibh a dhéanamh, agus ní mór dea-cháil a bheith orthu chomh maith. Beidh orthu siúd atá faoi mheas do phost dearbhú sláinte agus carachtair a chomhlánú. Lorgófar teistiméireachtaí. Beidh imréiteach slándála speisialta ag teastáil do phoist áirithe agus beidh gá le foirm a chomhlánú chun críocha ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána. Sa chás go mbeadh coimhlint leasa ann, is féidir nach gcuirfí iarrthóirí faoi mheas do phoist áirithe. Tá sé tábhachtach go ndéanfadh iarrthóirí liosta dá bhfostaíocht státseirbhíse nó seirbhíse poiblí roimhe seo má bhain siad leas as scéim iomarcaíochta deonaí nó scéim um luathscor deonach agus/nó má tá pinsean scoir drochshláinte á fháil acu. Mura ndéantar amhlaidh, d'fhéadfadh gníomh araíonachta a bheith mar thoradh air.

Scéim Dreasachtaí Luathscoir (ISER):

Tá sé mar choinníoll den Scéim Dreasachtaí Luathscoir (ISER) mar atá leagtha amach i gCiorclán 12/09 na Roinne Airgeadais go bhfuil cosc ar phinsinéirí, faoin Scéim sin, iarratas a dhéanamh ar phost eile san fhostaíocht chéanna nó san earnáil chéanna. Dá bhrí sin, ní fhéadfaidh pinsinéirí den sórt sin iarratas a dhéanamh ar an bpost seo.

Ciorclán na Roinne Sláinte agus Leanaí (7/2010):

I gCiorclán 7/2010 na Roinne Sláinte dar dáta an 1 Samhain 2010, tugadh isteach Scéim Dhírithe um Luathscor Deonach (VER) agus Scéimeanna Iomarcaíochta Deonaí (VRS). Tá sé mar choinníoll den scéim VER nach mbeidh daoine a bhaineann leas as an scéim incháilithe le haghaidh athfhostaíochta in earnáil na sláinte poiblí nó sa tseirbhís phoiblí i gcoitinne nó i bhforas a fhaigheann maoiniú go hiomlán nó i bpáirt as an airgead poiblí. Tá an toirmeasc céanna i bhfeidhm maidir le hathfhostú faoin VRS, ach amháin gur toirmeasc go ceann tréimhse 7 mbliana an toirmeasc, Níl daoine a bhain leas as an scéim VER incháilithe chun cur isteach ar an gcomórtas seo. Beidh ar dhaoine a bhain leas as an scéim VRS agus a n-éireodh leo sa chomórtas seo a n-incháilitheacht a chruthú (deireadh a bheith leis an tréimhse neamhincháilitheachta).

An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (Ciorclán LG(P) 06/2013):

Le Ciorclán LG(P) 06/2013 ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil tugadh Scéim Iomarcaíochta Deonaí isteach d'Údaráis Áitiúla. I gcomhréir le téarmaí an Chomhaontaithe Chomhchoitinn: Íocaíochtaí Iomarcaíochta do Sheirbhísigh Phoiblí dar dáta 28 Meitheamh 2012 mar atá sonraithe thuas, tá sé mar choinníoll ar leith den Scéim VER sin nach mbeidh daoine incháilithe d'athfhostaíocht in aon chomhlacht Seirbhíse Poiblí [mar a shainmhínítear sna hAchtanna um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail 2009 – 2011 agus san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012] go ceann tréimhse 2 bhliain ón dáta imeachta faoin Scéim seo. Tá feidhm ag na coinníollacha sin freisin i gcás rannpháirtíochta/fostaíochta ar bhonn conartha le haghaidh seirbhíse (mar chonraitheoir nó mar fhostaí de chuid conraitheora).

Dearbhú:

Beidh ar iarratasóirí a dhearbhú ar bhain siad leas as scéim luathscoir dhreasaithe de chuid na Seirbhíse Poiblí roimhe seo. Éileofar ar iarratasóirí freisin aon teidlíochtaí chun sochar pinsin Seirbhíse Poiblí (atá á íoc nó atá caomhnaithe) ó aon fhostaíocht eile de chuid na Seirbhíse Poiblí a dhearbhú agus/nó é a dhearbhú sa chás go bhfuair siad íocaíocht in ionad i leith seirbhíse in aon fhostaíocht Seirbhíse Poiblí.

**Critéir Shonracha an Iarrthóra:**

Chomh maith leis na critéir incháilitheachta atá leagtha amach thuas a chomhlíonadh, ní mór d'iarrthóirí:

- An t-eolas agus an cumas a bheith aige/aici dualgais an phoist lena mbaineann a chomhlíonadh;
- A bheith oiriúnach ó thaobh sláinte agus carachtair de;
- A bheith oiriúnach ar gach slí ábhartha eile do cheapacháin chuig an bpost lena mbaineann;
- Má éiríonn leis/léi, ní cheapfar sa phost é/í ach amháin:
    - Má aontaíonn sé/sí tabhairt faoi na dualgais a ghabhann leis an bpost agus glacadh leis na coinníollacha faoina bhfuil na dualgais á gcomhlíonadh, nó faoina mb'fhéidir go gceanglófaí iad a chomhlíonadh: agus
    - Má tá sé/sí go hiomlán inniúil agus ar fáil chun tabhairt faoi na dualgais a ghabhann leis an bpost agus go bhfuil sé/sí in ann tabhairt fúthu go hiomlán.

**Critéir agus Próiseas Roghnúcháin**

Is trí agallamh bunaithe ar inniúlacht a roghnófar duine don phost agus déanfar oiriúnacht an róil a mheas.

Tá sé i gceist painéal a bhunú i ndiaidh do phróiseas agallaimh iomaíoch. Beidh dáta éaga an phainéil **dhá bhliain** ó fógraíodh an painéal. Ag brath ar líon na bhfolúntas iarbhír a thagann chun cinn laistigh den tréimhse sin, má chuirfear ar an bpainéal thú, ní thugann sé sin le tuiscint go ndéanfar tairiscint ardú céime duit nó d'aon duine eile ar an bPainéal.

Beidh ceapachán chuig an bpost mar Oifigeach Seirbhísí faoi réir an ghnáthphromhaidh a mhairfidh bliain amháin agus ag deireadh na bliana sin déanfar an ceapachán substainteach, faoi réir na ngnáthriachtanas lena n-áirítear feidhmíocht shásúil agus saoire bhreoiteachta.

**Agallamh**

Is éard a bheidh sa phróiseas roghnúcháin ná agallamh ar bhonn inniúlachta a bheidh bunaithe ar na hinniúlachtaí atá liostaithe sa Tábla thíos agus in Aguisín 1. Ag céim an agallaimh, beidh deis ag iarrthóirí léargas níos cuimsithí a thabhairt chun cinn ar a mbuanna agus a scileanna agus ar a gcumas feidhmiú go héifeachtach sa ról.

| Inniúlacht | Marcanna Leithdháilte |
|---|---|
| Obair Foirne | 25 |
| Seirbhís do Chustaiméirí agus Scileanna Cumarsáide | 25 |
| Seachadadh Torthaí | 25 |
| Saineolas, Oilteacht agus Féinfhorbairt | 25 |
| **Iomlán** | **100** |

Déanfar iarratais a ghearrliostú d'fhonn cuireadh a thabhairt d'iarratasóirí roghnaithe freastal ar agallamh. **Tabhair faoi deara go bhfuil sé i gceist agallaimh a dhéanamh i bpearsa in Oifigí Bhaile Átha Cliath na Roinne Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2.**

Is ar na hiarratasóirí atá an dualgas iad féin a chur ar fáil ar na dátaí a thugtar don agallamh.

**Próiseas Iarratais**

Chun iarratas foirmiúil a dhéanamh ar an bpost, ní mór d'iarratasóirí leasmhara an méid seo a leanas a chomhlánú agus a chur isteach:

- Foirm iarratais chomhlánaithe

Ba chóir an méid thuas a sheoladh chuig: **hrcompetitions@enterprise.gov.ie**, An tAonad Acmhainní Daonna, An Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta, 23 Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2, D02 TD30. Ní mór iarratais a bheith faighte sa Roinn tráth nach déanaí ná **12pm Dé hAoine, 30 Eanáir 2026.**

**Ní bhreithneofar iarratais dhéanacha.**

**Is Fostóir Comhdheiseanna í an Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta.**

**Iarrthóirí faoi Mhíchumas**
Iarrtar ar iarrthóirí a chuir in iúl ar a bhfoirm iarratais nó ar a bpróifíl gur mhaith leo leas a bhaint as freastal réasúnta tuarascáil síceolaí/liachta a chur isteach. Is é cuspóir na tuarascála ná faisnéis a chur ar fáil don Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta, chun gníomhú mar bhonn chun socruithe réasúnta a chinneadh nuair is cuí. Ní mór na tuarascálacha sin a chur ar aghaidh chuig: hrcompetitions@enterprise.gov.ie faoi **12pm Dé hAoine, 30 Eanáir 2026.**

**Próiseas Athbhreithnithe**

**Cearta na nIarrthóirí – Nósanna Imeachta Athbhreithnithe maidir leis an bPróiseas Roghnúcháin**

**Eolas ginearálta**

Breithneoidh an Roinn iarratais ar athbhreithniú de réir fhorálacha na gcód cleachtais arna bhfoilsiú ag an gCoimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (CCSP).

Is féidir le hiarrthóir a lorg go réiteofar an cheist ar bhonn neamhfhoirmiúil. Má tá iarrthóir fós míshásta tar éis aon phlé dá leithéid, féadfaidh sé/sí athbhreithniú foirmiúil a lorg.

Tá na Cóid Chleachtais ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí http://www.cpsa.ie/en/Codes-of-Practice/.

## Príomhchoinníollacha Seirbhíse

### Ginearálta

Is ceapachán chuig post buan sa Státseirbhís é agus tagann sé faoi réir Achtanna Rialaithe na Státseirbhíse 1956 go 2005, an Achta um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin) 2004 agus aon Acht eile atá i bhfeidhm de thuras na huaire a bhaineann leis an Státseirbhís.

### Luach Saothair

**Ráta Ranníocaíochta Pearsanta Pinsin (RRP) amhail an 01 Lúnasa 2025**

**€565.57 €594.13 €604.96 €627.74 €648.12 €660.32 €674.56 €691.71 €721.05**

**€735.55[1] €758.62[2]**

Bíonn ráta pá an RRP i bhfeidhm nuair a éilítear ar an duine aonair Ranníocaíocht Phearsanta Pinsin a íoc (nó ranníocaíocht phríomhscéime mar a thugtar uirthi chomh maith) de réir rialacha na príomhscéime aoisliúntais/na scéime aoisliúntais pearsanta atá aige/aici. Tá sé sin éagsúil ó ranníocaíocht maidir le ballraíocht i scéim Céilí agus Leanaí, nó na Ranníocaíochtaí Aoisliúntais Breise (ASC).

Beidh ráta difriúil i bhfeidhm sa chás nach gceanglaítear ar an té a cheapfar Ranníocaíocht Phearsanta Pinsin a dhéanamh.

D'fhéadfadh incrimintí fadseirbhíse a bheith iníoctha i ndiaidh 3(LSI1) agus 6(LSI2) bliana de sheirbhís shásúil a chur i gcrích ag leibhéal uasta an scála.

### Nóta Tábhachtach

Is ag leibhéal íosta an scála a thosóidh an té a cheapfar agus ní bheidh an ráta luach saothair faoi réir idirbheartaíochta agus d'fhéadfaí é a athrú ó am go ham de réir bheartas pá an Rialtais.

D'fhéadfadh téarmaí agus coinníollacha éagsúla a bheith i bhfeidhm más státseirbhíseach nó seirbhíseach poiblí atá ag fónamh faoi láthair thú.

Faoi réir feidhmíocht shásúil, d'fhéadfadh incrimintí a bheith iníoctha de réir Bheartas reatha an Rialtais.

Déanfar íocaíocht go seachtainiúil i riaráistí trí Ríomhaistriú Airgid (RAA) isteach i gcuntas bainc de do rogha féin. Ní féidir íocaíocht a dhéanamh go dtí go mbeidh uimhir chuntais bainc agus cód sórtála bainc curtha ar fáil nuair ag an té a cheapfar agus déanfar asbhaintí reachtúla ó thuarastal de réir mar is cuí.

Aontóidh tú go ndéanfaidh tú aon ró-íocaíocht ar thuarastal, liúntais nó costais a aisíoc de réir Chiorclán 07/2018: Aisghabháil Ró-íocaíochtaí ar Thuarastal, Liúntais, agus Caiteachais a rinneadh le Baill Foirne/Iarbhaill Foirne/Pinsinéirí.

**Tionacht agus Promhadh**
Is ceapachán i bpost buan sa Státseirbhís ar chonradh promhaidh atá i gceist.

Mairfidh an conradh promhaidh tréimhse bliana ón dáta a shonraítear ar an gconradh. D'ainneoin na míre seo agus na míre díreach ina dhiaidh seo, ní choiscfidh sin síneadh a chur leis an gconradh promhaidh in imthosca iomchuí.

Le linn thréimhse do chonartha promhaidh, beidh d'fheidhmíocht faoi réir athbhreithniú ag do mhaoirseoir(í) chun an méid seo a leanas a chinneadh –

- (i) Go raibh d'fheidhmíocht sásúil
- (ii) Go raibh d'iompar ginearálta sásúil, agus
- (iii) Go bhfuil tú oiriúnach ó thaobh na sláinte de, ag tabhairt aird ar leith ar shaoire bhreoiteachta.

Sula dtagann deireadh leis an gconradh promhaidh, déanfar cinneadh maidir le cibé an gcoinneofar tú de bhun *Alt 5A (2) d'Achtanna Rialaithe na Státseirbhíse 1956–2005*. Bunófar an cinneadh sin ar d'fheidhmíocht agus í a mheasúnú i gcomparáid leis na critéir atá leagtha amach in (i) go (iii) thuas. Míneoidh an Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta mionsonraí an phróisis promhaidh duit agus tabharfar cóip de threoirlínte na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le promhadh duit.

D'ainneoin na míreanna roimhe seo san alt seo, is féidir le ceachtar den dá pháirtí, i gcomhréir leis na hAchtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973 go 2005, an conradh promhaidh a fhoirceannadh tráth ar bith sula dtagann deireadh le téarma do chonartha.

Sna himthosca seo a leanas, féadfar do chonradh a shíneadh agus do thréimhse phromhaidh a chur ar fionraí.

- Cuirtear an tréimhse phromhaidh ar fionraí le linn d'fhostaí a bheith as láthair mar gheall ar Shaoire Mháithreachais nó Saoire Uchtála.
- Sa chás go bhfuil fostaí as láthair ar Shaoire do Thuismitheoirí nó ar Shaoire Cúramóirí, féadfaidh an fostóir a cheangal go gcuirfear an promhadh ar fionraí más rud é go meastar nach bhfuil an asláithreacht ar comhréir le leanúint an phromhaidh.
- Aon fhoráil reachtúil eile sa chás go mbeadh an tréimhse phromhaidh -
  - (i) ar fionraí le linn d'fhostaí a bheith as láthair ón obair, agus
  - (ii) curtha i gcrích ag an bhfostaí nuair a thagann sé/sí ar ais chuig an obair i ndiaidh asláithreacht den sórt sin.

Sa chás go bhfuil an tréimhse phromhaidh curtha ar fionraí, ba chóir don fhostóir na himthosca a bhaineann leis an bhfionraíocht a chur in iúl don fhostaí.

Beidh tréimhse phromhaidh aon bhliain amháin le cur isteach ag gach duine a cheapfar. Sa chás nach sásaíonn duine a cheaptar na coinníollacha uile a ghabhann leis an tréimhse phromhaidh agus gur duine an té sin a bhí ar seirbhís ina státseirbhíseach díreach sular ceapadh é/í sa chomórtas seo, is gnách ina leithéid sin de chás go dtiocfadh filleadh ar ais i gceist. I gcás den sórt sin, fillfidh an t-oifigeach ar fholúntas sa ghrád a bhíodh acu roimhe sin sa Roinn ina mbíodh sé/sí.

**<u>Na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach 1977-2015</u>**

Ní bheidh feidhm ag na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach 1977–2015 maidir le foirceannadh na fostaíochta seo ar an gcúis amháin go dtéann an conradh promhaidh sin in éag gan é a athnuachan.

**<u>An tAcht um Eagrú Ama Oibre</u>**

Beidh feidhm ag téarmaí an Achta um Eagrú Ama Oibre 1997, nuair is cuí, maidir leis an bhfostaíocht seo.

**<u>Ceanncheathrú</u>**

Nuair a cheapfar chuig an Roinn thú, beidh do cheanncheathrú:

**Baile Átha Cliath: An Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta**

**Nó**

**Ceatharlach: An Coimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre, Bóthar Uí Bhriain, Ceatharlach**

nó cibé áit a ainmneoidh Ceann na Roinne ó am go ham. Nuair a bheidh tú as láthair ón mbaile agus ón gceanncheathrú ar dualgas oifigiúil, íocfar costais taistil agus liúntais chothaithe chuí leat, de réir rialacháin na Státseirbhíse.

**Dualgais**

Beidh ar an bhfostaí aon dualgas a oireann don phost a leagtar air/uirthi ó am go ham a chomhlíonadh. Ní féidir leis an oifigeach cleachtadh príobháideach a bheith ar siúl aige/aici nó a bheith bainteach le gnó seachtrach ar bith a chuirfeadh isteach ar fheidhmíocht na ndualgas oifigiúil nó a thiocfadh salach ar a ról.

**Uaireanta tinrimh**

Beidh na huaireanta tinrimh socraithe ó am go ham ach ní bheidh siad níos lú ná 41 uair an chloig agus 15 nóiméad comhlán in aghaidh na seachtaine nó 35 uair an chloig glan in aghaidh na seachtaine. Sa chás go bhfuil gá le tinreamh breise, ceadófar íocaíochtaí ragoibre, nó saoire chúitimh, de réir rialacháin ragoibre na Státseirbhíse.

**Saoire Bhliantúil**

Is é 22 lá an liúntas saoire bliantúla don phost seo, ag méadú go 23 lá tar éis 5 bliana seirbhíse, go 24 lá tar éis 10 mbliana seirbhíse, go 25 lá tar éis 12 bliain seirbhíse agus 26 lá tar éis 14 bliana seirbhíse. Tá an liúntas sin faoi réir na ngnáthchoinníollacha maidir le saoire bhliantúil a thabhairt sa státseirbhís, agus is bunaithe ar sheachtain cúig lá a thugtar é agus níl na gnáthlaethanta saoire poiblí san áireamh ann.

**Saoire Bhreoiteachta**

Íocfar pá le linn saoire bhreoiteachta chuí-dheimhnithe ar bhonn pro-rata, ar choinníoll nach bhfuil aon fhianaise ann go bhfuiltear míchumasach go buan le haghaidh seirbhíse, de réir fhorálacha na gciorclán um shaoire bhreoiteachta.

Ceanglófar ar oifigigh a bheidh ag íoc ráta ÁSPC Aicme A sainordú a shíniú lena dtabharfar údarás don Roinn Coimirce Sóisialaí aon sochair atá dlite faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh a íoc go díreach leis an Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta. Is faoi réir an oifigigh a bheidh sé na héilimh chuí ar shochar árachais shóisialaigh a dhéanamh chuig an Roinn Coimirce Sóisialaí laistigh de na teorainneacha ama is gá chun íocaíocht a fháil le linn na breoiteachta.

**Aoisliúntas agus Scor**

Déanfar na téarmaí agus coinníollacha aoisliúntais cuí a bheidh i réim sa Státseirbhís tráth tairisceana an cheapachán a thairiscint don iarrthóir a n-éireoidh leis/léi. I gcás ceapaí nár oibrigh riamh sa tSeirbhís Phoiblí, is iondúil go ndéantar an ceapachán bunaithe ar chomhaltas den Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair (an "Scéim Aonair"). Tá na sonraí go léir maidir leis an Scéim ar fáil ar www.singlepensionscheme.gov.ie.

I gcás gur oibrigh an té a cheapfar i bpost inphinsin (téarmaí scéime neamh-Aonair) sa tSeirbhís Phoiblí sna 26 seachtaine roimh an gceapachán nó i gcás go bhfuil sé/sí ar shos gairme nó ar shaoire speisialta faoi láthair le pá/gan phá, d'fhéadfadh téarmaí éagsúla a bheith i bhfeidhm. Déanfar teidlíocht pinsin na gceapaithe sin a bhunú i gcomhthéacs a staire fostaíochta sa tseirbhís phoiblí.

Is iad seo a leanas na príomhfhorálacha a bhaineann le comhaltas den Scéim Aonair:

- Aois Inphinsin: Is ionann an aois íosta ag a bhfuil pinsean iníoctha agus an aois incháilithe don Phinsean Stáit, a sheasann ag aois 66 i láthair na huaire.
- Aois Scoir: Ní mór do chomhaltaí den scéim dul ar scor ag aois 70.
- Úsáidtear meántuilleamh gairme chun sochair a ríomh (fabhraíonn pinsean agus cnapshuim gach bliain agus déantar iad a uasrátáil gach bliain faoi réir an Phraghasinnéacs Tomhaltóirí (CPI).
- Bíonn ardú ar an bpinsean tar éis dul ar scor ceangailte leis an CPI.

**Laghdú Pinsin**

- Má bhí an té a cheapfar fostaithe roimhe seo sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí agus má tá pinsean á fháil aige/aici ón Státseirbhís nó ón tSeirbhís Phoiblí nó i gcás go dtiocfaidh pinsean Státseirbhíse/Seirbhíse Poiblí chun bheith iníoctha le linn a (h)athfhostaíochta, **beidh an pinsean sin faoi réir lacáiste** de réir Alt 52 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. **Tabhair faoi deara: Má dhéanann tú iarratas ar an bpost seo, admhaíonn tú go dtuigeann tú go mbeidh feidhm ag na forálacha maidir le lacáiste, más iomchuí. Níl shamhlaítear go dtabharfaidh an Roinn/Oifig fostaíochta tacaíocht d'iarratas ar dhíolúine ó lacáiste i leith ceapachán chuig an bpost seo**.
- Mar sin féin, má bhí an ceapaí fostaithe roimhe seo sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí agus má dámhadh pinsean dó/di faoi shocruithe um luathscoir deonach (seachas an Scéim Dreasachtaí Luathscoir (ISER), VER/VRS Chiorclán 7/2010 na Roinne Sláinte nó Ciorclán LG(P) 06/2013 na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, ar ní é aon cheann díobh a fhágann nach bhfuil duine incháilithe i gcomhair an chomórtais) scoirfidh an teidlíocht chun an phinsin sin le héifeacht ó dháta an athcheapacháin. Féadfar socruithe speisialta a dhéanamh, áfach, chun seirbhís roimhe sin atá ag an gceapaí a áireamh chun críche aon dámhachtain aoisliúntais amach anseo a bhféadfadh an ceapaí a bheith incháilithe ina leith.
- **Ciorclán 102/2007 de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna i dtaca le Scéim Luathscoir do Mhúinteoirí**
  Rinne an Roinn Oideachais agus Scileanna Scéim Luathscoir do Mhúinteoirí a thabhairt isteach. Tá sé mar choinníoll de chuid na Scéime Luathscoir gurb amhlaidh, seachas sna cásanna a leagtar amach i míreanna 10.2 agus 10.3 den doiciméadacht chiorcláin iomchuí agus sna cásanna sin amháin, má ghlacann múinteoir le luathscor faoi Shraitheanna 1, 2 nó 3 den scéim seo agus má fhostaítear é/í in aon cháil i réimse ar bith san earnáil phoiblí, scoirfear láithreach de phinsean a íoc leis an duine sin faoin scéim. Tosófar arís ar íocaíochtaí pinsin, áfach, nuair a scoirfear den fhostaíocht sin nó ar an lá a shlánóidh an duine 60 bliain d'aois, cibé acu is déanaí, ach nuair a thosófar ar íocaíochtaí pinsin arís, beidh an pinsean bunaithe ar sheirbhís ináirithe iarbhír an duine mar mhúinteoir (i.e. ní chuirfear san áireamh na blianta breise a tugadh roimhe sin nuair a bheidh an íocaíocht phinsin á ríomh).
- **Scor de dheasca Drochshláinte**
  Tabhair faoi deara, le do thoil, go gcaithfidh aon duine a chuaigh ar scor roimhe seo ar chúiseanna drochshláinte faoi théarmaí scéime aoisliúntais ag an gcéad chéim iarratais, a dhearbhú don eagraíocht atá ag riaradh an chomórtais earcaíochta, go bhfuil pinsean den sórt sin á fháil aige/aici.

Beidh ar iarratasóirí freastal ar oifig an Phríomhoifigigh Leighis chun a gcumas maidir le seirbhís rialta agus éifeachtach a sholáthar a mheas agus an coinníoll a cháiligh don Scor Drochshláinte iad á chur san áireamh.

*Ceapachán tar éis dul ar scor ón Státseirbhís de dheasca Drochshláinte*

Má éiríonn le hiarratas an iarratasóra sa chomórtas, ba chóir dó/di a bheith ar an eolas faoin méid seo a leanas:

1. Má mheastar go bhfuil sé ar a c(h)umas seirbhís rialta éifeachtach a chur ar fáil agus má dhéantar é/í a shannadh do phost, déanfar a p(h)insean drochshláinte státseirbhíse a scor.
2. Mura n-éiríonn leis an iarratasóir an tréimhse phromhaidh a chríochnú ina dhiaidh sin nó má chinneann sé/sí éirí as an bpost a bheidh sannta dó/di, ní féidir filleadh ar an stádas státseirbhíse a bhain le scor de dheasca drochshláinte, ná ní féidir an pinsean státseirbhíse a bhain le scor de dheasca drochshláinte, a bhí ann roimh an iarratas, a athshuíomh ná níltear i dteideal an chéanna.
3. Ar é/í a cheapadh, tiocfaidh an t-iarratasóir chun bheith ina c(h)omhalta de Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair (SPSPS) más rud é go mbeidh briseadh breis agus 26 seachtaine ann ina s(h)eirbhís inphinsin sa tseirbhís phoiblí nó sa státseirbhís.

*Ceapachán tar éis dul ar scor ón tSeirbhís Phoiblí de dheasca Drochshláinte*

1. I gcás gur scoir duine aonair ó chomhlacht seirbhíse poiblí, féadfar athbhreithniú a dhéanamh ar a p(h)insean drochshláinte ón bhfostaíocht sin de réir na rialacha a bhaineann le scor de dheasca drochshláinte faoin scéim sin.
2. Má éiríonn le hiarratasóir, ar é/í a cheapadh ceanglófar ar an iarratasóir a dhearbhú cibé acu atá nó nach bhfuil pinsean seirbhíse poiblí (de dheasca drochshláinte nó ar shlí eile) á fháil aige/aici, agus féadfaidh an pinsean seirbhíse poiblí atá aigi/aici a bheith faoi réir lacáiste.
3. Ar é/í a cheapadh, tiocfaidh an t-iarratasóir chun bheith ina c(h)omhalta de Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair (SPSPS) más rud é go mbeidh briseadh breis agus 26 seachtaine ann ina s(h)eirbhís inphinsin sa tseirbhís phoiblí nó sa státseirbhís.

Tabhair faoi deara le do thoil go bhfuil faisnéis níos mionsonraithe maidir le himpleachtaí pinsin dóibh siúd atá ag fáil pinsean státseirbhíse nó seirbhíse poiblí de dheasca drochshláinte ar fáil ag an nasc seo nó trí iarratas a chur chuig an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí.

**Fabhrú Pinsin**
De réir Acht 2012, beidh teorainn 40 bliain leis an tseirbhís iomlán is féidir a áireamh i gcomhair pinsin i gcás ina raibh duine ina c(h)omhalta de níos mó ná scéim pinsin seirbhíse poiblí amháin a bhí ann roimhe (i.e., Scéim neamh-Aonair). Déantar foráil maidir leis an teorainn 40 bliain sin san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. D'fhéadfadh impleachtaí a bheith aige sin i gcás aon cheapaí a bhfuil cearta pinsin faighte aige/aici i bhfostaíocht seirbhíse poiblí roimhe seo.

**Ranníocaíocht Aoisliúntais Bhreise**
Beidh an ceapachán seo faoi réir na Ranníocaíochta Aoisliúntais Breise (RAB) de réir an Achta um Pá agus Pinsin Seirbhíse Poiblí, 2017. **Tabhair faoi deara:** Beidh asbhaintí RAB sa bhreis ar aon ranníocaíochtaí pinsin (ranníocaíochtaí príomhscéime agus céilí agus leanaí) a éilítear a dhéanamh faoi rialacha na scéime pinsean atá agat.

Chun tuilleadh eolais a fháil maidir leis an Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair, féach an suíomh gréasáin seo a leanas - www.singlepensionscheme.gov.ie.

**Rúndacht, Nithe Faoi Rún agus Caighdeáin Iompair: Rúndacht Oifigiúil agus Ionracas**
Le linn théarma an chonartha promhaidh, beidh oifigeach faoi réir fhorálacha an Achta um Rúin Oifigiúla, 1963, arna leasú leis an Acht um Shaoráil Faisnéise 2014. Aontóidh an t-oifigeach gan aon fhaisnéis faoi rún a nochtadh do thríú páirtithe neamhúdaraithe, cibé acu le linn na tréimhse fostaíochta nó ina dhiaidh sin.

**Cód Caighdeán agus Iompair na Státseirbhíse**
Beidh an té a cheapfar faoi réir ag Cód Caighdeán agus Iompair na Státseirbhíse.

**Na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí**
Beidh feidhm ag na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, de réir mar is cuí, maidir leis an gceapachán seo.

**Foilseacháin a fhormheas roimh ré**
Aontóidh oifigeach gan ábhar a bhaineann lena d(h)ualgais oifigiúla a fhoilsiú gan cead a fháil roimh ré ó Chathaoirleach an Údaráis nó ó oifigeach údaraithe cuí eile.

**Gníomhaíocht Pholaitiúil**
Le linn an téarma fostaíochta, beidh an t-oifigeach faoi réir na rialacha lena rialaítear fostaithe sa tseirbhís phoiblí agus an pholaitíocht.

Tá na ciorcláin go léir ar an suíomh gréasáin www.circulars.gov.ie nó ón Rannóg Pearsanra.

**Tabhair faoi deara:** Mar **Rogha Fostóra,** tá roinnt beartas solúbtha agus beartas a thacaíonn le teaghlaigh ag an Státseirbhís lena n-áirítear Postroinnt, Bliain Oibre Níos Giorra, Cianobair (a oibrítear ar bhonn 'cumaisc') srl. Is féidir cur isteach ar gach beartas roghnach de réir na bhforálacha reachtúla ábhartha agus is faoi réir riachtanais ghnó na heagraíochta atá siad.

Feidhmíonn an Státseirbhís scéim Soghluaisteachta freisin do gach grád seirbhíse ginearálta. Cuireann an scéim sin deiseanna gairme ar fáil do bhaill foirne chun foghlaim agus chun páirt a ghlacadh i róil éagsúla ar fud raon eagraíochtaí Státseirbhíse agus suíomhanna geografacha.

## Fógra Tábhachtach

**Is ionann an méid thuasluaite seo agus na príomhchoinníollacha seirbhíse agus níl sé i gceist gurb é an liosta cuimsitheach é de na téarmaí agus coinníollacha fostaíochta go léir a leagfar amach sa chonradh fostaíochta a bheidh le haontú leis an iarrthóir rathúil.**

## Eolas Ginearálta

### Gearrliostú Iarratas

De ghnáth, is mó líon na n-iarratas a fhaightear i gcomhair poist ná líon na ndaoine a bhíonn ag teastáil chun folúntais reatha agus folúntais amach anseo a líonadh. D'ainneoin go bhféadfá riachtanais incháilitheachta an chomórtas a chomhlíonadh, dá mba rud é go mbeadh an líon daoine a dhéanann iarratas ar an bpost chomh mór sin nach mbeadh sé praiticiúil gach duine díobh a chur faoi agallamh, d'fhéadfadh an Roinn a chinneadh nach dtabharfaí cuireadh chun agallaimh ach do líon teoranta díobh. I dtaca leis sin, tá próiseas gearrliostaithe i bhfeidhm ag an Roinn chun grúpa daoine atá le cur faoi agallamh a roghnú, arb iad na daoine ar dealraitheach gurb iad na daoine is oiriúnaí don phost seo iad ar bhonn ar scrúdú ar na foirmeacha iarratais. Ní hionann sin is a rá nach bhfuil iarrthóirí eile oiriúnach ná in ann tabhairt faoin bpost, in áit sin, is é atá i gceist ná go bhfuil iarrthóirí áirithe ann atá, prima facie, níos cáilithe agus/nó a bhfuil taithí níos ábhartha acu.

Le linn aon chleachtaidh gearrliostaithe a d'fhéadfaí a úsáid, scrúdaíonn Bord Roghnúcháin na Roinne na foirmeacha iarratais agus déantar measúnú orthu de réir critéar réamhchinnte bunaithe ar riachtanais an phoist. Dá bhrí sin, is chun do leasa féin atá sé mionchuntas cruinn a thabhairt san fhoirm iarratais i dtaobh na gcáilíochtaí agus an taithí atá agat.

### Imréiteach Slándála

Beidh ort foirm Ghrinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána a chomhlánú agus a sheoladh ar ais má thagann tú faoi bhreithniú le haghaidh ceapacháin. Cuirfear an fhoirm seo ar aghaidh chuig an nGarda Síochána le haghaidh seiceálacha slándála ar gach seoladh in Éirinn agus i dTuaisceart na hÉireann ag a raibh cónaí ort. Mura n-éiríonn le d'iarratas ar an gcomórtas, áfach, scriosfaidh an Roinn an fhoirm seo. Má thagann tú faoi bhreithniú do phost eile ina dhiaidh sin, b'fhéidir go mbeidh ort Foirm Ghrinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána eile a chomhlánú.

### Fiosrúcháin

Sula molfar aon iarrthóir lena c(h)eapadh, déanfaidh an Roinn gach fiosrúchán den sórt sin a mheastar gur gá é chun oiriúnacht an iarrthóra a chinneadh e.g., teistiméireachtaí fostóra. Ní féidir cinneadh críochnaitheach a dhéanamh, ná ní féidir a mheas ná a thuiscint go ndearnadh cinneadh den sórt sin go dtí go dtabharfar gach céim den phróiseas earcaíochta i gcrích.

### Ceapacháin ó phainéil

Meastar go mbunófar painéal/painéil de dhaoine cáilithe ónar féidir folúntais a líonadh. **Ní** ráthaíocht go gceapfar chuig post í cáilíocht agus socrúchán ar phainéal. Tabhair faoi deara, nuair a ghlactar le tairiscint ar cheapacháin, bainfear iarrthóir den phainéal.

### Tairiscint ceapacháin a dhiúltú

I gcás go ndéanfaidh an duine a mholtar lena c(h)eapadh, nó má scarann sé/sí leis an bpost tar éis dó/di é a ghlacadh, féadfaidh an Roinn, dá rogha féin, duine eile a roghnú agus a mholadh lena c(h)eapadh ar thorthaí an phróisis roghnúcháin seo.

# AGUISÍN 1

**Inniúlachtaí Leibhéal Oifigigh Seirbhísí**

| | |
|---|---|
| **Obair Foirne** | Léiríonn sé/sí meas ar chomhghleacaithe agus ar chomhoibrithe |
| | Déanann sé/sí dea-chaidrimh oibre le daoine eile a fhorbairt agus a chothabháil, ag roinnt faisnéise agus eolais, de réir mar is cuí |
| | Cuireann sé/sí a smaointe agus a dearcthaí féin ar fáil |
| | Tuigeann sé/sí a ról féin san fhoireann, ag déanamh gach iarracht a c(h)ion féin a dhéanamh |
| **Seirbhís do Chustaiméirí agus Scileanna Cumarsáide** | Déanann sé/sí cumarsáid go soiléir agus go líofa agus é/í ag labhairt agus i scríbhinn |
| | Tá sé/sí measúil, cúirtéiseach agus gairmiúil agus fós stuama, fiú i gcúinsí dúshlánacha |
| | Tuigeann sé/sí na céimeanna nó na próisis nach mór do chustaiméirí dul tríothu agus is féidir leis/léi iad seo a mhíniú go soiléir |
| **Seachadadh Torthaí** | Glacann sé/sí freagracht as obair agus feiceann sé/sí tríd go dtí an chéad leibhéal eile is cuí |
| | Déanann sé/sí seiceáil chríochnúil ar an obair ar fad lena chinntiú go bhfuil sí curtha i gcrích ar ardchaighdeán agus foghlaimíonn sé/sí ó bhotúin |
| | Tuigeann sé/sí an phráinn agus an tábhacht a bhaineann le tascanna éagsúla |
| | Tá sé/sí féintuilleamaíoch agus úsáideann sé/sí breithiúnas maidir le cathain is ceart treoir a iarraidh ar bhainisteoir nó ar chomhghleacaithe |
| **Saineolas, Oilteacht agus Féinfhorbairt** | Forbraíonn agus coinníonn sé/sí na scileanna agus an saineolas atá riachtanach chun an ról a chomhlíonadh go héifeachtach |
| | Tá tuiscint shoiléir aige/aici ar an ról, ar na cuspóirí agus ar na spriocanna a bhaineann leis an ról sin |
| | Tá sé/sí tiomanta d 'fhéinfhorbairt agus féachann sé/sí go leanúnach lena f(h)eidhmíocht phearsanta a fheabhsú |

## Ráiteas Príobháideachais an Iarratasóra

## An Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta

**Cuspóir na Próiseála**

Reáchtálann an Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta próisis roghnúcháin chun folúntais laistigh den eagraíocht a líonadh. Agus iad ag cur isteach ar na comórtais sin, iarrtar ar iarratasóirí réimse doiciméad a chur isteach, e.g., CV agus/nó foirm iarratais, ráiteas pearsanta agus/nó litir chumhdaigh, srl.

Cuireadh Ráiteas Príobháideachais an Iarratasóra sin ar fáil d'iarratasóirí atá ag cur isteach ar phoist sa Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta agus is féidir tuilleadh eolais faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí “RCGS” agus Iarratais ar Mheasúnú Ábhair a fháil ar https://enterprise.gov.ie/en/Data-Protection/.

Tá bunús dlí leis na sonraí seo a phróiseáil agus roinntear na sonraí freisin de réir mar is gá, féach thíos.

| Faighteoir/Roinnte Le | Cúis |
|---|---|
| Aonad Bainistíochta Acmhainní Daonna na Roinne Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta | Iarratas a stóráil, freagraí a admháil, agus comhfhreagras a dhéanamh le hiarratasóirí. Tá faisnéis áirithe ag teastáil freisin le cur san áireamh sa chonradh d'iarratasóirí rathúla. |
| An Bord Roghnúcháin | Eolas ag teastáil don ghearrliostú agus don phróiseas agallaimh. |
| Fostóir Reatha | Teistiméireachtaí. |

Tá an Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta go hiomlán ar an eolas faoi cheanglais RCGS, agus déantar na sonraí gaolmhara go léir a bhainistiú i gcomhréir leis na rialacháin ábhartha. I gcás iarrthóirí rathúla, coinneofar a n-iarratas agus aon pháipéarachas a bhaineann leis ar feadh thréimhse a bhfostaíochta agus de réir mar is gá ar feadh tréimhse ina dhiaidh sin. I gcás iarrthóirí neamhrathúla, coinneofar iarratais agus comhfhreagras ar feadh 6 mhí, nó i gcás ina gcuirtear painéil le chéile, 6 mhí tar éis don phainéal dul in éag. Sa chás go gcoinnítear aon sonraí, déanfaidh an tAonad Bainistíochta Acmhainní Daonna na sonraí sin a bhainistiú. Déileálfar leis na sonraí go léir faoi rún agus cuirfear gach beart slándála cuí i bhfeidhm.

**Teidlíochtaí Iarratasóirí**

Aithníonn an Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta go bhfuil teidlíochtaí ag iarratasóirí agus tá siad seo leagtha amach thíos.

**Rochtain**

Is féidir le hiarratasóirí rochtain ar a gcuid sonraí a iarraidh agus a fháil ag am ar bith agus is féidir leo cóip de na sonraí sin a iarraidh agus a fháil, i bhformáid leictreonach/inaistrithe.

**Scriosadh**

Is féidir le hiarratasóirí a iarraidh go scriosfar na sonraí atá á gcoinneáil.

**Ceartú**

Is féidir le hiarratasóirí iarraidh go gceartófaí aon fhaisnéis mhícheart.

**Cur i gcoinne**

Is féidir le hiarratasóirí cur i gcoinne phróiseáil na faisnéise sin.

**Gearán a dhéanamh**

Is féidir le hiarratasóirí gearán a dhéanamh lenár n-Oifigeach Cosanta Sonraí inmheánach "OCS" (sonraí teagmhála thíos) agus/nó gearán a dhéanamh leis an údarás ábhartha – An Coimisiún um Chosaint Sonraí in Éirinn.

**Sonraí Teagmhála OCS Na Roinne Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta**

Ríomhphost: dataprotection@enterprise.gov.ie

nó

Oifigeach Cosanta Sonraí

An Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta

23 Sráid Chill Dara

Baile Átha Cliath 2

D02 TD30

**Le haghaidh tuilleadh eolais ar Chosaint Sonraí:**

Suíomh gréasáin an Choimisinéara Cosanta Sonraí – www.dataprotection.ie nó déan teagmháil le hOifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí ar an bhfón ar 1800 437 737 nó trí ríomhphost ar info@dataprotection.ie.